

## Naisc idir Nuatheangacha lasachta na Sraithe Sóisearaí agus Cláir Foghlama Leibhéal 2

	Gnéithe de na hAonaid Tosaíochta Foghlama	Torthaí Foghlama Leibhéal 2	Sonraíocht Churaclaim na Sraithe Sóisearaí: Naisc Molta le Torthaí Foghlama
Cumarsáid agus Litearthacht	Labhairt go cuí le haghaidh cuspóirí éagsúla agus aird mar éisteoir a thaispeáint	<p>1.1 Éisteacht chun eolas a fháil a bhaineann le níos mó ná rogha amháin, m.sh. éisteacht le fógraí scoile, clár ama cainte a úsáid le ham teachta agus imeachta traenach a fháil</p> <p>1.2 Ceisteanna a chur chun eolas a fháil, m.sh. chun dátaí/praghsanna a sheiceáil (aghaidh ar aghaidh nó ar an bhfón), áirithint a dhéanamh le haghaidh béile ar an bhfón</p> <p>1.3 Sraith treoracha labhartha a leanúint faoi stiúir, m.sh. dul go dtí seomra na múinteoirí, an siopa áitiúil, nó oifig an phoist, breis creidmheasa a chur san fhón</p>	<p>1.3 faisnéis shonrach a shainnithint i dtéacsanna a bhaineann le topaicí coitianta amhail fógraí, comhráite, míreanna simplí nuachta</p> <p>1.13 ceisteanna a chur agus a fhreagairt, agus smaointe, mothúcháin agus faisnéis a mhalartú ar thopaicí coitianta i gcúrsaí laethúla</p> <p>1.2 focail agus frásaí atá bainteach le réimsí tábhachtacha agus taithí láithrí agus a úsáidtear go minic a aithint, lena n-áirítear an teanga a úsáidtear i ngnáth-idirghníomhaíocht sa seomra ranga</p>
	Léitheoireacht chun eolas bunúsach a fháil	<p>1.12 Gnáthfhocail a úsáidtear go coitianta agus atá ábhartha go pearsanta a léamh, m.sh. liosta rudaí a bhaineann le spéis phearsanta/spórt/caitheamh aimsire a léamh, ainmneacha daoine sa teaghlach</p> <p>1.14 Foirmeacha éagsúla scríbhneoireachta agus téacs a léirmhíniú, comharthaí agus siombailí sóisialta san áireamh, m.sh. formáidí comónta billí, biachláir, foirmeacha, amchláir, comharthaí bóthair agus comharthaí eile, treoracha simplí ullmhaithe bia (ubh a fhiuchadh, ceapaire a dhéanamh, cupán tae a dhéanamh), píosa gearr scríbhneoireachta atá ábhartha go pearsanta</p> <p>1.15 Eolas tábhachtach a aimsiú i bhfoirmeacha éagsúla scríbhneoireachta, m.sh. eolas fíorasach a aimsiú i bhfoirmeacha/mbillí, amanna agus dátaí coinneithe, biachláir, amchláir, nuachtáin</p>	<p>1.7 faisnéis shonrach a shainnithint i raon téacsanna ina ndéileáiltear le topaicí coitianta</p> <p>1.5 an bhrí atá le focail choitianta agus le frásaí coitianta a aithint, lena n-áirítear comharthaí agus fógraí laethúla in áiteanna poiblí</p> <p>1.6 an bhrí ghinearálta atá le téacs ar thopaicí coitianta a thuiscint</p>
	Réimse foirmeacha scríbhneoireachta a úsáid chun tuairimí a chur in iúl	<p>1.17 Nótaí agus teachtaireachtaí atá de dhíth i dtascanna simplí a scríobh/a chlósscríobh, m.sh. seoladh ar chlúdach litreach</p> <p>1.18 Cúig abairt ar a laghad a scríobh/a chlósscríobh ionas go gcuirtear brí nó eolas in iúl, m.sh. cruinniú a eagrú le cara, treoracha a thabhairt</p> <p>1.21 Réimse foirmeacha éagsúla scríbhneoireachta a úsáid le bheith in oiriúint don fheidhm agus don lucht léitheoireachta, m.sh. seic a chomhlánú, foirm shimplí a chomhlánú, iontráil dialainne a scríobh</p>	<p>1.17 focail a scríobh agus abairtí gearra a chruthú go cruinn ar thopaicí laethúla ach meáin éagsúla (ríomhphoist, litreacha, blaganna, cártaí poist...) a úsáid</p> <p>1.19 téacsanna a chruthú faoi ghnéithe dá shaol agus faoi thopaicí a bhfuil spéis aige iontu, amhail teaghlach agus cairde, an scoil, laethanta saoire, gníomhaíochtaí fóillíochta, faisean, spórt, daoine mór le rá</p> <p>1.21 foirmeacha atá ábhartha dá aoisghrúpa agus dá thaithí a chomhlánú</p>
	Ealaíona mothúchánacha a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh	1.22 Páirt a ghlacadh i dtaibhiú nó i gcur i láthair, m.sh. píosa gearr drámaíochta a chur i láthair do dhaoine sa rang, damhsa nó ceol a chur i láthair do thuismitheoirí	2.2 an fhoghlaim teanga ar fad a chur i bhfeidhm ar gníomhaíochtaí cruthaitheacha, amhail dánta simplí, pósteair, cur i láthair, cluichí agus drámaíocht a tháirgeadh
	Teicneolaíochtaí oiriúnacha a úsáid i gcomhair réimse críoche	<p>1.29 Teicneolaíocht a úsáid chun cumarsáid a dhéanamh le linn gníomhaíochta le daoine eile</p> <p>1.36 Eolas i gcomhair tionscadail a aimsiú ar an ngréasán</p>	<p>1.16 cumarsáid a dhéanamh le daoine eile ó bhéal ach teicneolaíochtaí digiteacha ar nós na meán sóisialta a úsáid</p> <p>3.6 faisnéis a roghnú, a phróiseáil agus a chur i láthair ach teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid go cuí agus fírinne agus iontaofacht na faisnéise sin a mheasúnú</p>
	Uimhearthacht	Airgead a bhainistiú	2.1 Nótaí agus boinn Euro a úsáidtear go minic a aithint
Feasacht faoi uimhreas a fhorbairt		2.8 Uimhreacha suas le 100 a aithint in N, m.sh. an méid náideanna i ndeicéanna, céadta a bheith ar eolas	3.10 comparáid a dhéanamh idir úsáid uimhreacha i dtír/dtíortha na sprioctheanga agus úsáid uimhreacha ina thír féin, agus iad a chur i gcodarsnacht lena chéile maidir le topaicí coitianta amhail praghsanna, aois, dátaí, séasúr
Cónaí i bPobal	Caidrimh dhearfacha a chothú	4.2 Cásanna ina labhraíonn daoine ar shlí dhifriúil ag brath ar an lucht éisteachta a shainnithint, m.sh. piaraí, múinteoirí, tuismitheoirí, daoine fásta eile	<p>2.3 an chaoi a dtéann gnásanna inscne agus sóisialta i bhfeidhm ar úsáid na sprioctheanga a aithint</p> <p>3.9 léirithiú a ghnóthú ar an gcaoi a dtéann difríochtaí cultúrtha i bhfeidhm ar chaidreamh sóisialta, ar nós beannachtaí agus béilí a ithe le chéile</p>
	Áiseanna áitiúla a úsáid	4.14 Bealaí chun am saor a chaitheamh a liostú	1.19 téacsanna a chruthú faoi ghnéithe dá shaol agus faoi thopaicí a bhfuil spéis aige iontu, amhail teaghlach agus cairde, an scoil, laethanta saoire, gníomhaíochtaí fóillíochta, faisean, spórt, daoine mór le rá

\* Níl sna naisc seo ach 'samplaí' féideartha. Beidh múinteoirí/an roinn ábhair in ann naisc chúil ábhartha a aithint le torthaí foghlama ar leith de chuid CFL2 a mheasann siad a bheith oiriúnach i gcás a gcuid scoláirí féin. Ina theannta sin, cé nach bhfuil ach trí ATF san áireamh anseo, d'fhéadfaí go n-aithneodh múinteoirí torthaí foghlama san ATF 'Cúram Pearsanta' agus 'Ag Ullmhú don Obair' a bheadh oiriúnach dá scoláirí féin agus iad ag foghlaim i Nuatheangacha lasachta na Sraithe Sóisearaí.